# Scéal, Scéal, Scéal ...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

13 Iúil 2023 || Eagrán 155

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ón bhFóram: Aoige ag Imeacht!

**Tá Aoife Ní Chonghaile ag athrú poist! Bhí Aoife ag obair mar Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga leis an bhFóram le trí bliana anuas. Thug sí faoina cuid cúraimí le fonn agus le flosc agus marab í a rinne togha na hoibre! Chuir pobal Chois Fharraige aithne uirthi mar dhuine a bhí oscailte, fáilteach roimh aon duine a bhuail isteach chun na hoifige, a raibh comhairle uathu i leith tionscadail teanga nó a raibh smaoineamh acu leis an bPlean Teanga a chur chun cinn. Is cinnte gur spreag a cuid fuinnimh agus a cuid tiomantais don Ghaeilge mar aon lena pearsantacht cairdiúil, gealgháireach neart daoine le tacú le hobair an Fhóraim. Aireoidh muid uainn Aoife, gan dabht ach is cinnte go ndéanfaidh sí neart ina post nua le hEalaíon na Gaeltachta le tacú leis na hOifigigh Pleanála Teanga uilig lena spriocanna a bhaint amach. Guíonn muid chuile rath ar Aoife ina post nua. Treise leat, a Aoife.**







# FOLÚNTAS AG NAÍONRA RÉALT NA MARA

Tá Naíonra Réalt na Mara, atá lonnaithe ar shuíomh Scoil na bhForbacha, ag lorg oideoir luathbhlianta le tosnú i Meán Fómhair 2023. Iarrtar ar aon duine a bhfuil spéis acu sa bpost seo a gcuid sonraí, chomh maith le dhá litir mholta, cóip dá CV agus teastais chuí a sheoladh chuig forbachasc2@gmail.com roimh 14ú Iúil 2023. Tá sé riachtanach go mbeadh teastas FETAC Leibhéal 5 (ar a laghad) ag iarrthóirí, chomh maith le Gaeilge mhaith chumarsáide. Chomh maith le freagrachtaí aitheanta an phoist, beidh deis ag an oideoir ionchur a bheith acu i bhforbairt leanúnach na seirbhíse. Beidh pá iomaíoch ag braith ar na cáilíochtaí agus an taithí atá ag an té a éiríonn leo.




# DIANCHÚRSA I SCRÍOBH NA GAEILGE

Tá Ollscoil Mhá Nuad ag glacadh le hiarratais anois don chúrsa: Dianchúrsa i Scríobh na Gaeilge. Glacfar le hiarratais go dtí 31 Lúnasa 2023. Cuirfear tús leis an gcúrsa i mí Meán Fómhair 2023 agus mairfidh sé go dtí Aibreán 2024. Beidh an cúrsa dírithe orthu siúd a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu cheana, ach ar mhaith leo barr feabhais a chur ar a dtuiscint ar an ngramadach, snas a chur ar a gcuid scileanna scríofa agus cur lena saibhreas teanga. Is é €600 an táille a bheidh ar an gcúsa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an nasc seo: tinyurl.com/dianchursa nó is féidir teachtaireacht a sheoladh ag larionad.gaeilge@mu.ie

# MO MHÁLA LEABHARLAINNE BEAG

Mar is eol dúinn, is iomaí cailín agus buachaill óg atá i mbun ullmhúcháin don bhunscoil ag an am seo den bhliain. Tá an scéim 'Mo Mhála Leabharlainne Beag' ar ais i mbliana le cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do ghasúir na hÉireann agus iad ag tabhairt aghaidh ar an scoil don chéad uair. Scéim de chuid Leabharlanna na hÉireann atá ann le suim agus grá na léitheoireachta agus na litríochta a spreagadh i measc an aosa óg, agus tá na málaí ar fáil saor in aisce, ó do leabharlann áitiúil. Le dul in éineacht leis an mála, do thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge líofa acu, tá gluaiseanna ar fáil freisin. Le níos mó eolais a fháil is féidir cuairt a thabhairt ar do leabharlann áitiúil.



# SORCAS LE CROÍ

Beidh Sorcas le Croí ag teacht go Cois Fharraige go luath! Beidh an pobal sorcais nua lonnaithe in aice le TG4, ar An Tulach. Is meascán den chéad scoth é Sorcas le Croí idir taispeántas sorcais agus ceol traidisiúnta beo – taithí go hiomlán as an nua bunaithe ar thraidisiún, cultúr agus oidhreacht na Gaeltachta. Taispeántas go hiomlán trí mheán na Gaeilge a bheas ann le béim ar thábhacht na Gaeilge i réimse na healaíona. Beidh Sorcas le Croí ar siúl ó 1-13 Lúnasa, le dhá seó in aghaidh an lae. Is féidir leis an sorcas freastal ar ghrúpaí chomh maith ach teagmháil a dhéanamh le Jane ag jane@broken-theatre.ie Is féidir ticéid a chur in áirithe agus níos mó eolais a fháil ar an suíomh idirlín: www.broken-theatre.ie








# RUAILLE BUAILLE 2

**Tháinig aisteoirí óga Chois Fharraige le chéile le gairid le haghaidh campa coicíse drámaíochta darbh ainm Ruaille Buaille. Is campa de chuid An Fhóraim é Ruaille Buaille a thugann deis do dhaoine óga spraoi a bheith acu ar bhealach cruthaitheach agus ealaíonta ag foghlaim agus ag forbairt scileanna drámaíochta. Rinne na gasúir obair na gcapall le linn na coicíse le seó den chéad scoth a réiteach do thuismitheoirí agus chlann ar an lá deireanach. Léiríodh buanna éagsúla an ghrúpa óg mar chuid den seó, idir amhránaíocht, ceol, damhsa agus gleacaíocht fiú! Tá an campa drámaíochta ar an bhfód le dhá bhliain anuas anois, faoi stiúr iontach Phádraic Ó Flatharta, Ann Marie Herward agus Éadaoinn Nic Dhonncha agus é ag dul ó neart go neart.**









# OÍCHE GLIOGAR

Beidh Oíche Gliogar ar siúl ag Seanscoil Sailearna ar an gCéadaoin 26 Iúil. Taispéantas ceoil comhaimseartha agus ailtéarnach a bhéas ann, á reachtáil ag an ngrúpa Gliogar, i gcomhpháirtíocht leis an eagraíocht ealaíne Ciotóg. Beidh Róis, Spásas agus Olan Monk ag casadh ar an oíche chomh maith le ceoltóirí, amhránaithe agus ealaíontóirí iontacha eile. Cuirfear tús leis an oíche @ 7:30 Is féidir ticéad a cheannach ag an nasc seo: bit.ly/gliogar ar €15




# SCÉIM NA bPRINTÍSEACHTA

Tá printíseachtaí Ceirde agus Printíseachtaí Nua-aoiseacha arbh fhiú níos mó ná €2,000 an ceann iad á thairiscint ag Údarás na Gaeltachta agus tá an eagraíocht ag glacadh le hiarratais anois. I measc na gceirdeanna a bheadh i gceist tá siúinéireacht, pluiméireacht, meicníocht agus gruagaireacht. Ó thaobh na printíseachtaí nua-aoiseacha, cuid de na rólanna a pléitear leo ná teicneoir saotharlainne, cleachtóir árachais, ceantálaíocht agus seirbhísí réadmhaoine. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le: oiliuint@udaras.ie Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 21 Iúil.



# CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA

Tá ceardlann scríbhneoireachta ar an dinnseanchas á reáchtáil ar-líne ag an bhféile 'Cúirt' i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht, le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta. An téama a bheidh ag an gceardlann ná 'Saothair Nuascríofa Bunaithe ar an Dinnseanchas'. Is iad Áine Uí Fhoghlú, Ógie Ó Céilleachair, agus Micheál Ó Conghaile stiúrthóirí na ceardlainne. Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo páirt a ghlacadh sa gceardlann sampla dá saothar a bhaineann le gné éigin den dinnseanchas a sheoladh chuig moccic22@outlook.com roimh an Luan 24 Iúil 2023. Beidh spás do sheisear ar an gceardlann, beidh fáilte roimh scríbhneoirí a bhfuil saothair foilsithe cheana acu agus roimh scríbhneoirí atá ag tosú. Níl aon táille le n-íoc as freastal ar an gceardlann seo. Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Is féidir na sonraí a fháil ag an rannóg nuachta ar shuíomh idirlín Chló Iar-Chonnacht; www.cic.ie



# FOLÚNTAS SA SPIDÉAL

Osclófar bialann nua darbh ainm 'Bláth Fiáin' sa Spidéal go luath. Tá foireann ag teastáil don bhialann nua i gcroílár An Spidéil. Beidh bricfeasta, lón agus dinnéar ar fáil ag an mbialann. Táthar ag súil go mbeadh taithí ag iarrthóirí, ach níl sé riachtanach. Beidh uaireanta oibre solúbtha ar fáil, chomh maith le postanna lánaimseartha agus páirtaimseartha. Le suim a léiriú sa bhfolúntas, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an mbainisteoir ag 085 1299 062 (WhatsApp) nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig blathfiainrestaurant@gmail.com



# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh Club Leabhar Chois Fharraige ag teacht le chéile ar an gCéadaoin 13 Meán Fómhair , i Tigh Mholly, leis an leabhar 'EL' le Thaddeus Ó Buachalla a phlé. Cuirfear tús le cúrsaí @ 9i.n. Fáile roimh chách. Bronnadh gradam 'An Post' do Leabhar Gailge na Bliana ar an leabhar sa bhliain 2022, chomh maith le gradam ag Comórtas Liteartha an Oireachtais. Leanann an scéal beirt fhear óga, ag dul anonn is anall idir an lá atá inniu ann agus an seachtú aois déag. Tá an leabhar ar fáil ó Charlie Byrnes i nGaillimh, ag Cló Iar-Chonnacht agus ar líne.

